AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.10.2021
COM(2021) 635 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse agus ar Phrótacal 37 ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101 a ghabhann le Comhaontú LEE

(Clár Spáis an Aontais Eorpaigh)

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

Uimh. […]

an […]

lena leasaítear Prótacal 31 (maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE,

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE[1] a chuimsiú.

(2) Maidir le rannpháirtíocht Stáit CSTE sna gníomhaíochtaí ar de thoradh Rialachán (AE) 2021/696 iad, is iomchuí go gcuirfear an rannpháirtíocht sin ar bun ón 1 Eanáir 2021, gan beann ar an tráth a ghlacfar an Cinneadh seo nó ar cé acu a thugtar nó nach dtugtar fógra faoi chomhlíonadh na gceanglas bunreachtúil le haghaidh an Chinnidh seo, más ann dóibh, tar éis an 10 Iúil 2021.

(3) Ba cheart eintitis arna mbunú i Stáit CSTE a bheith i dteideal páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a gcuirfear tús leo roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Na costais a thabhaítear i leith na ngníomhaíochtaí sin, a gcuirfear tús lena gcur chun feidhme tar éis an 1 Eanáir 2021, féadfar a mheas go bhfuil siad incháilithe faoi na coinníollacha céanna is infheidhme maidir leis na costais a thabhaíonn eintitis arna mbunú i mBallstáit den Aontas ar choinníoll go dtiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm roimh dheireadh na gníomhaíochta lena mbaineann.

(4) Leagtar amach i gComhaontú LEE, agus go háirithe in Airteagal 81 de, na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Stáit CSTE agus a gcuid institiúidí, gnóthas, eagraíochtaí agus náisiúnach i gcláir an Aontais Eorpaigh.

(5) Aithníonn na Páirtithe Conarthacha an comhar foirmiúil atá ann cheana i gcláir spáis éagsúla an Aontais. Is mian leo cur leis an gcomhpháirtíocht láidir sin agus an comhar a leathnú chuig comhpháirteanna ábhartha uile an chláir nua spáis.

[1] IO L 170, 12.5.2021, lch. 69.

(6) A mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht na hIorua, ba cheart aird a thabhairt freisin ar an gComhaontú Comhair maidir le Loingseoireacht Satailíte idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Ríocht na hIorua[2].

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacail 31 agus 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir chun go mbeidh an comhar leathnaithe sin in ann a bheith ann ón 1 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 8d d'Airteagal 1 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE:

'8e. (a) Glacfaidh Stáit CSTE, amhail ón 1 Eanáir 2021, páirt sna gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an ngníomh Comhphobail seo a leanas agus sna gníomhaíochtaí i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta cé is moite de ghníomhaíochtaí GOVSATCOM agus de ghníomhaíochtaí SSA SST, arna gcur ar bun leis an ngníomh Comhphobail seo a leanas:

- **32021 R 0696**: Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

(b) Déanfaidh Stáit CSTE ranníocaíochtaí airgeadais i leith na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear faoi phointe (a) i gcomhréir le hAirteagal 82(1)(a) den Chomhaontú agus le Prótacal 32 a ghabhann leis an gComhaontú.

(c) Cumhdófar freisin leis an ranníocaíocht airgeadais, dá dtagraítear faoi phointe (b), an costas a bhaineann le cuimsiú Stáit CSTE i misean EGNOS agus le cumhdach sheirbhísí EGNOS a leathnú ionas go gcuimseoidh sé críocha Stáit rannpháirteacha CSTE. Beidh leathnú an chumhdaigh sin faoi réir na féidearthachta teicniúla agus ní chuirfidh sé moill ar leathnú an chumhdaigh gheografaigh a thugtar le córas EGNOS ar fud chríocha na mBallstát atá san Eoraip ó thaobh a suímh gheografaigh.

(d) Na costais a thabhaítear i leith na ngníomhaíochtaí a gcuirtear tús lena gcur chun feidhme tar éis an 1 Eanáir 2021, is féidir a mheas gur costais iad atá incháilithe amhail ó dháta tosaigh na gníomhaíochta arna shocrú sa chomhaontú deontais nó sa chinneadh deontais lena mbaineann, faoi na coinníollacha a leagtar síos ann, ar choinníoll go dtiocfaidh Cinneadh Uimh. XX/2021 ó Chomhchoiste LEE an xx 2021 [an Cinneadh seo] i bhfeidhm roimh dheireadh na gníomhaíochta.

(e) Glacfaidh Stáit incháilithe CSTE páirt iomlán, gan ceart vótála, i mBord Riaracháin na Gníomhaireachta.

(f) Glacfaidh Stáit incháilithe CSTE páirt, gan ceart vótála, i mBord um Chreidiúnú Slándála na Gníomhaireachta, maidir le codanna ábhartha den chlár

[2] IO L 283, 29.10.2010, lch. 12.

agus beidh siad srianta i gcomhréir leis an mbeartas ‘ar bhonn riachtanais eolais’ arna bhunú leis an gclár.

(g) Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an nGníomhaireacht. I Stáit uile na bPáirtithe Conarthacha beidh an inniúlacht dhlíthiúil is fairsinge a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoina ndlíthe ag an nGníomhaireacht.

(h) Deonóidh Stáit CSTE pribhléidí agus díolúintí don Ghníomhaireacht agus dá foireann, pribhléidí agus díolúintí is coibhéiseach leis na pribhléidí agus na díolúintí i bPrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh.

(i) De mhaolú ar Airteagal 12(2)(a) agus Airteagal 82(3)(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, náisiúnaigh Stáit CSTE a bhfuil a gcearta iomlána acu mar shaoránaigh, féadfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta iad a fhostú faoi chonradh.

(j) De mhaolú ar Airteagal 12(2)(e), Airteagal 82(3)(e) agus Airteagal 85(3) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, na teangacha dá dtagraítear in Airteagal 129(1) de Chomhaontú LEE, déanfaidh an Ghníomhaireacht iad a mheas mar theangacha de chuid an Aontais, i dtaca lena baill foirne, dá dtagraítear in Airteagal 55(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(k) De bhua Airteagal 79(3) den Chomhaontú, beidh feidhm ag Cuid VII (Forálacha Institiúideacha) den Chomhaontú, cé is moite de Ranna 1 agus 2 de Chaibidil 3, maidir leis an mír seo.

(l) Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, maidir le haon doiciméad de chuid na Gníomhaireachta a bhaineann le Stáit CSTE freisin.

(m) Glacfaidh Stáit incháilithe CSTE páirt iomlán, gan ceart vótála, i gcoistí an Aontais a thugann cúnamh don Choimisiún Eorpach le bainistiú, forbairt agus cur chun feidhme comhpháirteanna Galileo, EGNOS, Copernicus agus fo-chomhpháirteanna SSA SWE agus SSA NEO de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear faoi phointe (a).

I gcomhréir leis an mbeartas ‘ar bhonn riachtanais eolais’ arna bhunú leis an gclár, cuirfear srian ar rannpháirtíocht na gcoistí sin sa chumraíocht slándála.

(n) Díolmhófar Lichtinstéin ó bheith rannpháirteach sa chlár seo agus ón ranníocaíocht airgeadais a bhaineann leis.

(o) Beidh an Íoslainn rannpháirteach sna gníomhaíochtaí seo a leanas de chuid an chláir agus déanfaidh sí ranníocaíocht airgeadais ina leith: EGNOS, Copernicus, agus fo-chomhpháirteanna SSA, is iad sin SWE agus NEO.’

Airteagal 2

Leasófar Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Scriosfar téacs phointí 36 agus 37;

2. cuirfear isteach na pointí seo a leanas:

‘43. Bord um Chreidiúnú Slándála Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).

44. Bord Riaracháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).’.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE *.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

[…]

Rúnaithe

Chomhchoiste LEE

[…]

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]